

## Gníomhú ar son na hAeráide

Aontaíonn formhór na  
n-eolaithe gurb é an  
ghníomhaíocht dhaonna is  
cúis le hathrú aeráide!

### Smaoinigh faoi...

Seo roinnt ceisteanna a chabhróidh le do rang smaoineamh faoin bhfuinneamh a úsáideann siad agus faoi athrú aeráide...


1. Nuair nach mbíonn an teilifíseán á úsáid, an múchann tú é nó an bhfágann tú é ar fuireachas? An múchann tú soilse nuair nach mbíonn siad á n-úsáid?
2. Conas a théitear uisce i do theach? An úsáidtear painéil ghréine i do theach?
3. Conas a úsáideann tú uisce agus tú ag scuabadh d'fhiacla? An bhfágann tú an sconna ar siúl? An mbíonn cithfholcadh nó folcadh agat sa bhaile? Cén ceann a cheapann tú a úsáideann níos lú fuinnimh?
4. Conas a dhéantar do lorg carbóin a thomhas? An féidir leat smaoineamh ar bhealaí chun níos lú fuinnimh a úsáid agus níos lú dé-ocsaíd charbóin a chruthú sa saol laethúil chun d'uimhir charbóin a laghdú?
5. Cén fáth a cheapann tú a n-úsáideann daoine i dtíortha forbartha níos mó fuinnimh ná na daoine siúd i dtíortha i mbéal forbartha?

Cruthaímid formhór an fhuinnimh a úsáidimid gach lá in Éirinn trí **bhreoslaí iontaise** a dhó, cosúil le gual, ola agus móin. Úsáidimid an fuinneamh seo gach lá i dtithe, i ngnólachtaí, i scoileanna agus chun taisteal a dhéanamh. Cruthaímid **dé-ocsaíd charbóin** nuair a dhóimid breoslaí iontaise. Is ceann de na gáis cheaptha teasa is cúis le **hathrú aeráide** í dé-ocsaíd charbóin. Tá an domhan ag éirí níos teo mar gheall ar gháis cheaptha teasa mar go gcoimeádann na gáis sin teas na gréine in atmaisféar an domhain. Tá an domhan ag éirí níos teo mar gheall ar athrú aeráide.

Tá na rudaí seo ag tarlú mar gheall ar athrú aeráide:

- Tá teochtaí ag ardú ar fud an domhain
- Tá na hoighearchaidhpeanna polacha ag leá
- Tá triomach agus tuilte ag tarlú níos minice
- Tá fásaigh ag éirí níos mó
- Tá an baol ann go mbeidh deireadh le roinnt ainmhithe agus plandaí
- Bíonn adhamsir (cosúil le stoirmeacha agus spéirlingí) ann níos minice

Ní bheidh **breoslaí iontaise** ar fáil i gcónaí: is acmhainní **neamh-inathnuaite** iad. Tá a lán **fuinneamh in-athnuaite** in Éirinn, mar shampla, ón ngrian, agus ón ngaoth, agus beidh siad ar fáil i gcónaí. Cruthaíonn fuinneamh in-athnuaite níos lú dé-ocsaíd charbóin ná mar a chruthaíonn breoslaí iontaise. Is tábhachtach a thuiscint go mbraithfidh todhchaí na haeráide ar na roghanna a dhéanann tú inniu!





## Cén gníomh is féidir leatsa a dhéanamh?

Bealach é **lorg carbóin** nó **uimhir charbóin** chun tomhas a dhéanamh ar an dé-ocsaíd charbóin a chruthaíonn tú. Úsáideann tú fuinneamh gach lá sa bhaile, ar scoil agus nuair a thaistealaíonn tú. Is féidir leat **gníomhú ar son na haeráide** trí níos lú fuinnimh a úsáid chun laghdú a dhéanamh ar d'uimhir charbóin.

- Roghnaigh táirgí cosúil le bia, bréagáin agus éadaí a dhéantar go háitiúil. Roghnaigh ábhair atá neamhdhíobhálach don chomhshaol - ábhair a bhfuil níos lú pacáistíochta orthu.
- Siúil nó úsáid rothar chun aistir ghearra a dhéanamh.
- Múch soilse agus teilifíseáin nuair mbíonn siad á n-úsáid
- Roghnaigh bolgáin agus gléasanna spárála fuinnimh a bhfuil rátáil A acu ar a lipéad fuinnimh.
- Spreag daoine chun fuinneamh in-athnuaite a úsáid ina dtithe. Is féidir painéil ghréine a úsáid chun uisce a théamh agus is féidir leat breosla adhmaid a úsáid in ionad breoslaí iontaise.
- Cuir crainn dhúchasacha - súnn plandaí dé-ocsaíd charbóin isteach.
- Spreag do phobal chun uisce a shábháil. Déanfaidh sé seo laghdú ar an méid fuinnimh a úsáidtear chun uisce a chóireáil agus a chaidéalú.
- Múch an sconna nuair a bhíonn tú ag scuabadh d'fhiacra; is féidir níos mó ná 7,000 lítear d'uisce sa bhliain a shábháil tríd é seo a dhéanamh.
- Bíodh cithfholcadh agat, seachas folcadh. Úsáideann cithfholcadh cúig huaire níos lú fuinnimh ná mar a úsáideann folcadh.
- Ná húsáid gléasanna cosúil le meaisíní níocháin agus miasniteoirí go dtí go mbeidh siad lán. Is féidir le meaisín níocháin 65 lítear d'uisce a úsáid ar chiogal iomlán agus is féidir le miasniteoirí 20 lítear d'uisce a úsáid.
- Coimeád súil ar an uisce a úsáideann do scoil agus téigh i mbun gnímh chun é a laghdú! Chun teacht ar leideanna, léigh an bhileog eolais faoi chaomhnú uisce ag [http://www.energyineducation.ie/Energy In Education/Information for Schools/Resources and links/Water Conservation Factsheet.pdf](http://www.energyineducation.ie/Energy%20In%20Education/Information%20for%20Schools/Resources%20and%20links/Water%20Conservation%20Factsheet.pdf)
- Úsáid báisín i do dhoirteal chun uisce a bhailiú chun é a úsáid sa ghairdín.
- Úsáid buta uisce chun uisce báistí a bhailiú ó gháitéir chun é a úsáid sa ghairdín. Déan cinnte de go gclúdaíonn tú coimeádáin mhóra ar mhaithe le sábháilteacht.
- Laghdaigh, athúsáid agus athchúrsáil!
- Déan iarracht laghdú a dhéanamh ar an méid carbóin a chruthaíonn tú trí níos lú fuinnimh a úsáid i do shaol laethúil!

**Eolas breise**



<b>Acmhainní do Mhúinteoirí agus Scoláirí</b>	
<i>Láithreán Ghréasáin</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• Tabhair cuairt ar an láithreán gréasáin seo chun teacht ar <a href="#">fhíricí faoi athrú aeráide agus leideanna ar an méid is féidir linn a dhéanamh chun gníomhú ar son athrú aeráide</a></li> <li>• <a href="#">Cad is féidir leatsa a dhéanamh faoi athrú aeráide?</a></li> <li>• <a href="https://350.org/">https://350.org/</a></li> <li>• <a href="https://www.epa.ie/livegreen/">https://www.epa.ie/livegreen/</a></li> </ul>
<i>Físeáin</i>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• <a href="#">Féach ar an bhfíseán Scéal an Fhuinnimh</a></li> <li>• <a href="#">Tugtar Míniú sa Seó Simplí seo ar Loirg Charbóincarbóin</a></li> <li>• <a href="#">Conas bheith Neamhdhíobhálach don Chomhshaol - Na 10 Leid is Fearr</a></li> <li>• <a href="#">National Geographic: Climate Change 101</a></li> </ul>

<b>Acmhainní do Mhúinteoirí amháin</b>	
<i>Gníomhaíochtaí sa Seomra Ranga</i>	<p>Ríomh d'uimhir charbóin. Bain triail as na háireamhain charbóin a liostaítear thíos. Uirlisí saor in aisce ar líne iad seo atá in ainm is cabhrú leat laghdú a dhéanamh ar d'astaíochtaí carbóin.</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• <a href="http://www.carbonfootprint.com/individuals.html">http://www.carbonfootprint.com/individuals.html</a></li> <li>• <a href="http://footprint.wwf.org.uk/">http://footprint.wwf.org.uk/</a></li> <li>• <a href="http://www.nature.org/greenliving/carboncalculator/">http://www.nature.org/greenliving/carboncalculator/</a></li> </ul> <p>Déan plean a fhorbairt chun laghdú a dhéanamh ar do loirg charbóin – Iarr ar dhaltaí chun foirne a chruthú. Spreag na foirne chun smaointe a fhiosrú chun dul i mbun gnímh chun laghdú a dhéanamh ar na loirg charbóin i do scoil, do phobal, do bhaile nó do chathair</p>
<i>Pleananna ceachta</i>	<p>Déan cur i láthair ar athrú aeráide tríd an gceacht seo a úsáid ó <a href="#">Acmhainn chun fuinneamh inbhuanaithe a mhúineadh i mBunscoileanna</a>, do Rang a Trí agus a Ceathair. Caibidil 3: Ceacht 2, An Aeráid agus Cur i láthair ar Athrú Aeráide</p>